Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12043/19**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0224(COD)**
**2018/0225(COD)**

**RECH 426**
**COMPET 616**
**IND 229**
**MI 639**
**EDUC 370**
**TELECOM 295**
**ENER 426**
**REGIO 189**
**AGRI 431**
**TRANS 428**
**SAN 390**
**CADREFIN 316**
**CODEC 1369**
**SUSTDEV 117**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais ar an 26-27 Meán Fómhair 2019*<br>An Pacáiste Fís Eorpach: Sineirgí le cláir eile<br>*- Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta ón Uachtaránacht darb ábhar "An Pacáiste Fís Eorpach: Sineirgí le cláir eile" d'fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a bheidh ar siúl ag an gComhairle Iomaíochais ar an 27 Meán Fómhair 2019.

## "FÍS EORPACH AGUS SINEIRGÍ LE CLÁIR EILE"

Mar a comhaontaíodh sa Chomhthuiscint idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, tá sé ar cheann de phrionsabail an chláir go "ndéanfar 'Fís Eorpach' a chur chun feidhme i sineirgíocht le cláir eile chistiúcháin de chuid an Aontais, agus ag an am céanna, go bhféachfar le simpliú uasta ar an riarachán a bhaint amach". Tá an Uachtaránacht den tuairim gur cheart don Chomhairle treoir a thabhairt maidir leis an tsaincheist sin don phróiseas leanúnach Pleanála Straitéisí agus chun an chaibidlíocht i ndáil le Fís Eorpach a chur chun cinn.

D'fhonn a n-éifeachtúlacht, agus a dtionchar ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar ina iomláine a uasmhéadú, agus chun cuidiú níos mó le fás agus poist a chruthú, ní mór do chláir dhifriúla an Aontais a bheith comhleanúnach agus feidhmiú i sineirgíocht le chéile. Is ar chomhlántacht idir dearadh agus cuspóirí clár a bhíonn sineirgí bunaithe agus ar chomhoiriúnacht na rialacha agus na bpróiseas airgeadais ar leibhéal an chur chun feidhme. Beidh sraith aonair rialacha, solúbthacht idir cláir agus tacaíocht chomhleanúnach ina ngnéithe tábhachtacha ionas go n-éireoidh le sineirgí. Níor cheart go mbeadh castacht mhéadaithe i gceist do thairbhithe ná d'iarratasóirí mar gheall ar shineirgí a bheith á méadú ná ionstraimí cistiúcháin éagsúla an Aontais a bheith á nascadh níos fearr.

Is príomheilimint agus pointe tagartha é an próiseas Pleanála Straitéisí de chuid Fís Eorpach chun a áirithiú go mbainfear an tairbhe is fearr is féidir as na sineirgí sin. Ní ann don aistriú chuig geilleagar agus tionscal aeráid-neodrach, ná don chlaochlú digiteach, gan comhar rianúil agus ailíniú frithpháirteach a bheith ann sna réimsí beartais agus sna cláir chistiúcháin. Leis an bpróiseas comhchruthaithe don Phlean Straitéiseach, beifear in ann a shainiú níos fearr a bhfuil gá leis chun na hathruithe sochaíocha agus sistéamacha a dhéanamh lena n-éascófar fás cuimsitheach inbhuanaitheach agus mar sin, chun an clár oibre taighde agus nuálaíochta a chur chun cinn ar bhealach saindírithe. Sa bhreis ar acmhainní airgeadais, beidh meascán beartas taighde agus nuálaíochta níos leithne ann a mbeidh a thoradh agus a thionchar le brath níos gasta.

Is í Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an reachtaíocht atá beartaithe do Fhís Eorpach, mar aon le forálacha coibhéiseacha i reachtaíocht eile, is túsphointe chun na sineirgí sin a fhorbairt. Léirítear san Iarscríbhinn an toilteanas polaitiúil atá ann gníomhú chun go mbeadh na sineirgí idir cláir chistiúcháin an Aontais níos éifeachtaí. Le linn na huachtaránachta seo agus na huachtaránachta roimhe seo, pléadh na sineirgí idir Fís Eorpach agus cláir eile go neamhfhoirmiúil agus go foirmiúil araon. Le gairid, thionóil Uachtaránacht na Fionlainne ceardlanna neamhfhoirmiúla.

Léiríodh go soiléir sa phlé sin, fad a bhaineann le réimse an digitithe agus an oideachais go mbaineann gné chomhlántach leis na cláir éagsúla agus go n-éascaítear leo forbairt scileanna agus cumas atá riachtanach d'fhonn úsáid níos leithne a bhaint as nuálaíochtaí a chuirfidh feabhas ar thionchar an chláir Fís Eorpach. I réimse chistiú na FBManna, ní mór, ar leibhéal an Aontais, díriú go príomha ar na FBManna is suaití agus lena mbaineann an t-ionchas méadaithe is fearr, lena n-áirithítear leathadh níos fairsinge ar an nuálaíocht san am céanna. Éilítear freisin, mar thoradh ar an bplé, saghsanna éagsúla cistiúcháin a bheadh simplí, rianúil agus saoráideach do chustaiméirí. D'fhéadfaí na deiseanna cistiúcháin do FBManna nuálacha go háirithe a chomhlánú agus a éascú go suntasach le múnla feabhsaithe an tSéala Barr Feabhais in Fís Eorpach agus leis an Rialachán ginearálta maidir le blocdhíolúine atá beartaithe. Tá sé riachtanach freisin feabhas a chur ar dheiseanna comhchistiúcháin lena gcuirtear ar chumas acmhainní taighde agus nuálaíochta éifeacht ghiarála shuntasach a ghnóthú agus tairbhe a bhaint as comhar ar an leibhéal Eorpach, lena gcuirfí eolas agus margaí domhanda níos leithne ar fáil.

Chun na sineirgí is fearr is féidir a bhaint amach, níor cheart beag is fiú a dhéanamh den tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí cumarsáide, comhordaithe, leata agus saothraithe.

Ag an bpointe seo den scrúdú, tagann na ceisteanna tábhachtacha a leanas chun cinn:

- Céard é an bealach is fearr chun cláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Cistí Struchtúracha mar aon le cistí náisiúnta, cistí príobháideacha agus foinsí eile amhail BEI, a chur i ngníomh chun an tacaíocht do thionscnaimh straitéiseacha taighde agus nuálaíochta a chomhlánú i sineirgíocht le Fís Eorpach? Céard iad na sásraí is gá, ar leibhéal an Aontais, chun sineirgí idir cláir dhifriúla an Aontais a áirithiú?
- Cad atá ar intinn ag na Ballstáit a dhéanamh, dá réir sin, chun sineirgí le Fís Eorpach a chur san áireamh ina gCistí Struchtúracha agus ina gcuid clár náisiúnta, e.g. trí thionscadail na Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste agus an tSéala Barr Feabhais?